RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1228 ÓN gCOIMISIÚN

an 14 Iúil 2022

de mhaolú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892 don bhliain 2022 a mhéid a bhaineann le hiarratais ar chabhair chomh maith le hiarratais ar réamhíocaíochtaí agus iarratais ar íocaíochtaí páirteacha de dheasca na géarchéime ag eascairt as ionradh na Rúise ar an Úcráin

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 38(c), (e) agus (l) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De dheasca na géarchéime atá ann faoi láthair ag eascairt as ionradh na Rúise ar an Úcráin an 24 Feabhra 2022, a thosaigh go gairid tar éis ghéarchéim COVID-19, tá aghaidh á tabhairt ag feirmeoirí i ngach Ballstát ar dheacrachtaí eisceachtúla. De dheasca fadhbanna lóistíochta, tá feirmeoirí san Aontas leochaileach don suaitheadh eacnamaíoch a d'eascair as an ngéarchéim sin, agus tá aghaidh á tabhairt acu ar dheacrachtaí airgeadais agus deacrachtaí sreafa airgid faoi láthair. I bhfianaise na suaití leanúnacha sa mhargadh atá ann faoi láthair agus an measc án imthosca nach bhfacthas a leithéid cheana, tá deacrachtaí eisceachtúla ag feirmeoirí i ngach Ballstát maidir le pleanáil, cur chun feidhme agus cur i gcrích scéimeanna cúnaimh a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013. Is gá, dá bhrí sin, na deacrachtaí sin a laghdú trí mhaolú ar fhorálacha áirithe de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892 ón gCoimisiún ([2]).

(2) De bhun Airteagal 9(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892, tá eagraíochtaí táirgeoirí le hiarratas ar chabhair, nó iarmhéid an iarratais sin, a chur isteach chuig údarás inniúil an Bhallstáit le haghaidh gach cláir oibriúcháin a n-iarrtar an chabhair ina leith faoin 15 Feabhra an bhliain tar éis na bliana a n-iarrtar an chabhair ina leith. De bhun Airteagal 9(3), an chéad fhomhír, den Rialachán Cur Chun Feidhme sin, féadfaidh na hiarratais ar chabhair caiteachas a chumhdach a chláraítear ach nach dtabhaítear má chruthaítear gnéithe áirithe. Áirítear ar na gnéithe sin nach bhféadfaí na hoibríochtaí lena mbaineann a dhéanamh faoin 31 Nollaig bliain chur chun feidhme an chláir oibriúcháin, ar chúiseanna nach raibh neart ag an eagraíocht táirgeoirí lena mbaineann orthu agus go bhféadfaí na hoibríochtaí sin a dhéanamh faoin 30 Aibreán an bhliain tar éis na bliana a bhfuil an chabhair á hiarraidh ina leith. I bhfianaise ionradh na Rúise ar an Úcráin, is iomchuí maolú ar Airteagal 9(3), an chéad fhomhír, pointe (b), den Rialachán Cur Chun Feidhme sin agus foráil a dhéanamh go bhféadfar leis na hiarratais ar chabhair atá le cur isteach faoin 15 Feabhra 2023 caiteachas a chumhdach le haghaidh oibríochtaí a chláraítear le haghaidh na bliana 2022 ach nach ndéanfar faoin 31 Nollaig 2022, más féidir na hoibríochtaí sin a dhéanamh faoin 15 Lúnasa 2023.

(3) De bhun Airteagal 11(1), an chéad fhomhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892, féadfar iarratais ar réamhíocaíochtaí a chur isteach mar a chinnfidh an Ballstát, ar bhonn 3 mhí i mí Eanáir, mí Aibreáin, mí Iúil agus mí Dheireadh Fómhair nó ar bhonn 4 mhí i mí Eanáir, mí na Bealtaine agus mí Mheán Fómhair. De bhun Airteagal 12(2) den Rialachán Cur Chun Feidhme sin, féadfar iarratais ar íocaíochtaí páirteacha a chur isteach tráth ar bith, ach ní fhéadfar iad a chur isteach níos mó ná 3 huaire in aghaidh na bliana. Chun solúbthacht a cheadú maidir le bainistíocht clár oibriúcháin ag eagraíochtaí táirgeoirí aitheanta, lena n-áirítear a maoiniú, is iomchuí maolú ar na forálacha sin agus foráil a dhéanamh go bhféadfar iarratais ar réamhíocaíochtaí a chur isteach tráth ar bith sa bhliain 2022 agus go bhféadfar iarratais ar íocaíochtaí páirteacha a chur isteach níos mó ná 3 huaire sa bhliain 2022.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892 ón gCoimisiún an 13 Márta 2017 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hearnáil na dtorthaí agus na nglasraí agus earnáil na dtorthaí agus na nglasraí próiseáilte (IO L 138, 25.5.2017, lch. 57).

(4) I bhfianaise an ghá atá ann gníomhú láithreach, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Ós rud é go gcuirtear na cláir oibriúcháin chun feidhme ar bhonn bliain féilire, ba cheart feidhm chúlghabhálach ón 1 Eanáir 2022 a bheith ag na maoluithe a bhaineann le hiarratais ar réamhíocaíochtaí agus ar íocaíochtaí páirteacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo.

(5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maoluithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892

1. De mhaolú ar Airteagal 9(3), an chéad fhomhír, pointe (b), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892, féadfar caiteachas le haghaidh oibríochtaí a chláraítear le haghaidh na bliana 2022 ach nach ndéanfar faoin 31 Nollaig 2022 a chumhdach leis na hiarratais ar chabhair atá le cur isteach faoin 15 Feabhra 2023, más féidir na hoibríochtaí sin a dhéanamh faoin 15 Lúnasa 2023.

2. De mhaolú ar Airteagal 11(1), an chéad fhomhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892, féadfar iarratais ar réamhíocaíochtaí a chur isteach tráth ar bith sa bhliain 2022.

3. De mhaolú ar Airteagal 12(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892, féadfar iarratais ar íocaíochtaí páirteacha a chur isteach níos mó ná trí huaire sa bhliain 2022.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 1(2) agus (3) ón 1 Eanáir 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 14 Iúil 2022

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN